QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# Plean Corparáideach 2023

# Clár

01 Réamhrá

02 Misean, Fís agus Luachanna

03 Plean Corparáideach 2023

# Réamhrá

Is é seo, an naoú plean corparáideach seo a foilsíodh ó bunaíodh an eagraíocht i Samhain 2012, an chéad phlean a chuireann go díreach le tosaíochtaí, cumasóirí agus cuspóirí a leagadh amach inár Ráiteas Straitéise 2022-24.

Tá raon leathan feidhmeanna reachtacha agus feidhmeanna eile ann maidir le cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta agus léiríonn an Plean Corparáideach an éagsúlacht seo. Tar éis achtú an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú) 2019, bronnadh feidhmeanna breise ar an QQI, ar cuireadh tús le cuid acu in 2019 agus cuid eile a bhfuiltear ag súil go gcuirfear tús leo in 2023 agus 2024. Tá sé de rún ag QQI ár dtosaíochtaí a bhaint amach mar a leanas: faisnéis agus deiseanna níos fearr a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint, forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh, agus anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú ag baint úsáid as na príomhchumasóirí a bhaineann le comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú agus tógáil córais a chur i bhfeidhm agus sármhaitheas eagraíochtúil a bhaint amach. Táimid ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara i dtreo seachadadh rathúil na ngníomhaíochtaí atá sa Phlean Corparáideach 2023 agus ar sheachadadh na dtosaíochtaí agus na gcuspóirí atá inár Ráiteas Straitéise 2022-24.

# Fís, Misean agus Luachanna

## ÁR BHFÍS

Táimid tiomanta d’fhís d’Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais d’ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach

## ÁR MISEAN

Táimid tiomanta d’fhís d’Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais d’ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach. Cothaímid muinín an phobail as cáilíocht, ionracas agus dea-cháil soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais na hÉireann agus soláthraímid faisnéis údarásach ar an raon éagsúil cáilíochtaí atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

## ÁR LUACHANNA

Bunaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a oibrímid lenár ngeallsealbhóirí ar luachanna soiléire. Creidimid go bhfuil freagracht i bpáirt againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gur fearr ár dtosaíohtaí agus ár gcuspóirí a bhaint amach trí chomhoibriú agus oibriú go cuiditheach lenár gcomhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla.

Is mór againn comhpháirtíochtaí ar mhaithe le leas frithpháirteach. Geallaimid meas a léiriú ar oibiachtúlacht, trédhearcacht agus inbhuanaitheacht inár gcuid oibre. Is é sin an bonn lenár gcinnteoireacht agus lenár mbeartais, gnásanna agus gníomhaíochtaí. Bunaítear iad ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus seoltar iad ar shlí atá trédhearcach agus go gcothaíonn siad muinín. Geallaimid difríocht a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bpobail.

Is mór againn an fhaisnéis, an léargas agus an tionchar -- an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibre. Is eagraíocht muid atá ag foghlaim. Táimid tiomanta don nuáil agus don bharrmhaitheas.

# Plean Corparáideach 2023

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise an QQI 2022-24, tosaíochtaí agus cuspóirí na heagraíochta atá riachtanach chun muinín a fheabhsú i gcáilíocht oideachas agus oiliúint na hÉireann, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, agus na táscairí a ndéanfaimid ár dtionchar a thomhas i gcomparáid leo. Díríonn na tosaíochtaí seo ar #faisnéis; #cosaint, #forbairt agus #tionchar a baineadh amach trí phríomhchumasóirí na #comhpháirtíochta agus na #sármhaitheasa. Aithnítear inár bPlean Corparáideach 2023 na gníomhaíochtaí a chuirfear i gcrích i mbliana a chabhróidh linn ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh.

# Tosaíocht straitéiseach 1

| Tosaíocht straitéiseach 1 |
|---|
| **#eolas – eolas agus deiseanna níos fearr d'fhoghlaimeoirí** |
| **Cuirfimid faisnéis ar ardchaighdeán ar fáil do lucht fágála na scoile agus dóibh siúd go léir atá ag lorg deiseanna foghlama ar bhealaí forchéimnithe ar fud agus idir institiúidí éagsúla sa bhreisoideachas agus san ardoideachas trí uasghrádú a dhéanamh ar ardáin agus ar sheirbhísí faisnéise cáilíochtaí QQI.** |
| Láithreán gréasáin nua Qualifax a lainseáil. |
| An chéad chéim eile d'fhorbairt an IRQ a scóipeáil agus a thosú, lena n-áirítear faisnéis IEM, micreachreidiúintí agus naisc le bunachair shonraí Eorpacha a fhoilsiú. |
| Fiche bliain den CNC a chomóradh trí imeacht earnála a óstáil agus léargas ar an CNC a fhoilsiú. |
| **Déanfaimid ár gcion chun a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí a n-acmhainneacht a bhaint amach laistigh den chóras breisoideachais agus ardoideachais trí mheas a dhéanamh ar cibé an gcloíonn soláthraithe le cur chuige náisiúnta i leith rochtana, aistrithe agus dul chun cinn agus an dtugtar an t-aitheantas cuí a thabhairt don réamhfhoghlaim** |
| Tógfaimid ar ár gcaidreamh le geallsealbhóirí BOO agus AO, agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta, chun raon feidhme doiciméid a leagan amach agus an doiciméad a fhoilsiú, ina leagfar amach cur chuige náisiúnta i leith aitheantas don réamhfhoghlaim san oideachas tríú leibhéal. |
| Caighdeáin ghinearálta L1-4 a ghlacadh agus a fhoilsiú mar aon le treoirlínte gaolmhara lena gcur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a athbhreithniú. |
| Athbhreithniú ardleibhéil a choimisiúnú ar threochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta in Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú, agus ar sholáthairtí & comhthéacs reatha QQI le moltaí don todhchaí. |
| **Feabhsóimid roghanna agus deiseanna foghlaimeoirí trí raon méadaithe cáilíochtaí solúbtha, micrea-dhintiúir ina measc, a áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.** |
| Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí maidir le dréachtbheartais, próisis agus nósanna imeachta maidir le Comhlachtaí Dámhachtana Liostaithe (LABanna) a chuimsiú ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. |
| Scéim Comhlachtaí Dámhachtana Liostaithe (LABanna) a oscailt, lena n-áirítear plean le haghaidh rolladh amach chuig LABanna ionchasacha agus tús a chur le hiarratas amháin ar a laghad. |
| **Déanfaimid ár gcion le cinntiú go gcuirtear ar chumas gach foghlaimeora rochtain a fháil ar cháilíochtaí creidiúnaithe i dtimpeallachtaí foghlama atá oiriúnach dá riachtanais lena n-áirítear san ionad oibre** |
| Leanúint de mholtaí Chomhairle an AE maidir leis an EQF agus micri-dhintiúir a chur i bhfeidhm. Monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar ar an CNC. |

| Tosaíocht straitéiseach 1 |
| --- |
| Treoirlínte ar Aitheantas don Réamhfhoghlaim i leith dámhachtainí QQI a fhoilsiú. |

| **Beidh ról lárnach againn i gcinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí ar raon leathan clár nua printíseachta ar ardchaighdeán sa bhreisoideachas agus san ardoideachas** |
| --- |
| Tacú le SOLAS, an Oifig Náisiúnta Printíseachta agus geallsealbhóirí ábhartha eile maidir le haistriú na gclár ceardaíochta. |

# Tosaíocht straitéiseach 2

| Tosaíocht straitéiseach 2 |
|---|
| **#cosaint – rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint** |
| **Cosnóimid foghlaimeoirí trí fheasacht ar ionracas acadúil a chur chun cinn agus a chothabháil agus monatóireacht a dhéanamh orthu siúd atá ag iarraidh an bonn a bhaint de** |
| Beartas rialála don ionracas acadúil a fhoilsiú. |
| Clár rannpháirtíochta a fhorbairt le haghaidh ionracas acadúil do sholáthraithe dámhachtainí QQI. |
| Tús a chur le cainteanna rialála ar ionracas acadúil le soláthraithe FET; grúpa comhairleach FET a bhunú chun treo rialála QQI a threorú. |
| Leathnú agus leanúint den Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil (GAIN) a bhainistiú, i gcomhar le TEQSA. Tús a chur le forbairt agus foilsiú ráiteas comhchoiteann GAIN. |
| Teagmháil agus gníomhaíochtaí tuairiscithe a leathnú le hardáin fógraíochta agus foilsitheoireachta domhanda. |
| **Déanfaimid measúnú agus monatóireacht láidir ar sholáthraithe príobháideacha maidir lena oiriúnaí atá siad chun dámhachtainí QQI a thairiscint agus slándáil a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí trínár maoirseacht ar an gciste reachtúil cosanta d'fhoghlaimeoirí** |
| An próiseas díchill chuí a chur i bhfeidhm, a chur ar fáil agus monatóireacht a dhéanamh air. |
| An scéim náisiúnta Cosanta d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú ar aon dul le riachtanais agus tréimhsí ama reachtacha. |

| Tosaíocht straitéiseach 2 |
| --- |
| #cosaint – rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint |
| **Cabhróimid chun eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a chinntiú d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta tríd an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a eisiúint do sholáthraithe ardoideachais agus do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla** |
| Cóid chleachtais, beartais agus treoir ábhartha maidir leis an IEM do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla agus institiúidí ardoideachais a fhoilsiú. |
| An scéim IEM a oscailt d'iarratais. |
| Branda IEM a lainseáil agus an feachtas poiblíochta a chur i dtoll a chéile. |

# Tosaíocht straitéiseach 3

| Tosaíocht straitéiseach 3 |
|---|
| **#forbairt – forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh** |
| **Beidh cainteanna againn le soláthraithe oideachais pobail chun rochtain a chinntiú dá bhfoghlaimeoirí ar cháilíochtaí oideachais agus oiliúna sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí lena n-áirítear trí oibriú i gcomhpháirtíocht le Boird Oideachais agus Oiliúna nuair is cuí** |
| Straitéis rannpháirtíochta le geallsealbhóirí a chur i dtoll a chéile chun rannpháirtíocht leis an earnáil Pobail agus Deonach a mhéadú. |
| **Tacóimid le hacmhainn chun cláir sholúbtha agus nuálach a fhorbairt agus chun dearbhú cáilíochta láidir a bhaint amach sna Boird Oideachais agus Oiliúna** |
| Nósanna imeachta agus critéir a fhorbairt chun freagracht as fo-phróisis bailíochtaithe a chineachadh chuig BOOnna. |
| Cláir chomhroinnte BOO nua a bhailíochtú do mhórdhámhachtainí CAS. |
| Tús a chur le hathbhreithniú ar chaighdeáin CAS atá ann cheana. |
| Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm thorthaí na dtuarascálacha athbhreithnithe laistigh de na BOOnna. |
| Tuarascáil earnála a fhoilsiú ar an bpróiseas athbhreithnithe tionscnaimh ar na 16 BOO. |
| Tús a chur le forbairt caighdeán leathan in dhá réimse foghlama ar a laghad ag leibhéil 5 & 6 den CNC. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais chun dámhachtainí a dhéanamh agus caighdeáin a chinneadh. |
| Tús a chur le Tuairisciú Bliantúil Cáilíochta san earnáil BOO tar éis athcheangail. |
| Plean tionscadail a aontú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun caighdeáin chúram leanaí d'aois scoile a fhorbairt. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas agus na Critéir Bailíochtaithe. |

| Tosaíocht straitéiseach 3 |
| --- |
| **#forbairt – forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh** |
| **Déanfaimid measúnú ar éifeachtacht agus leabú an dearbhaithe cáilíochta sna hollscoileanna teicneolaíochta nua atá ag athrú i gcónaí trínár n-athbhreithnithe cáilíochta institiúideacha** |
| Nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta na nOllscoileanna Teicneolaíochta (TUnna) nua a cheadú tar éis a mbunaithe in 2021/22: Ollscoil Theicneolaíochta na Sionainne (TUS), Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (ATU), Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU). |
| Athbhreithniú ar éifeachtúlacht DC na TUnna bunaithe trí Athbhreithniú CINNTE. |
| **Éascóimid uathriail agus solúbthacht mhéadaithe do sholáthraithe aibí trína chur ar a gcumas údarás tarmligthe a lorg chun a ndámhachtainí féin a dhéanamh** |
| Leanúint ar aghaidh le dul chun cinn an bheartais um údarás tarmligthe do sholáthraithe príobháideacha lena n-áirítear forbairt téarmaí tagartha agus lámhleabhar don timthriall athbhreithnithe ar institiúidí príobháideacha ardoideachais.<br><br>Comhairliúchán poiblí a thabhairt chun críche agus na téarmaí tagartha, nósanna imeachta agus critéir a thabhairt chun críche.<br><br>An sceideal athbhreithnithe a bhunú. |
| **Spreagfaimid ollscoileanna uathrialacha chun a thaispeáint cé chomh héifeachtach agus atá siad ag déanamh monatóireachta agus ag feabhsú cháilíocht eispéireas an fhoghlaimeora, an taighde agus na rannpháirtíochta pobail** |
| An tionscadal ar athnuachan an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta a thabhairt chun críche leis an ÚAO agus an fóram comhairleach. |
| Beartas monatóireachta cáilíochta nua a fhorbairt do gach soláthraí san oideachas tríú leibhéal. |
| Tús a chur le forbairt comharba ar phróiseas CINNTE agus ar an bpróiseas athbhreithnithe don chéad tréimhse straitéiseach agus timthriall athbhreithnithe eile in AO agus BOO. |
| Creidiúnú clár comhpháirteach a chríochnú de réir mar is gá. |
| Tionscadal Europass EQF-NCP do 2024-27 a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. |

# Tosaíocht straitéiseach 4

| Tosaíocht straitéiseach 4 |
|---|
| **#léargas – anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú** |
| **Déanfaimid anailís ar an gcóras breisoideachais agus ardoideachais chun bonn eolais a chur faoi ailíniú agus comhtháthú níos dlúithe, chun fianaise a sholáthar ar an gcaoi ar féidir leis rogha níos leithne a sholáthar ag pointí trasdula agus bealaí dul chun cinn a chumasú ar fud institiúidí éagsúla agus eatarthu** |
| **Déanfaimid anailís agus soláthróimid léargas ar shonraí agus ar threochtaí dámhachtainí QQI chun soláthraithe, lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí maoinithe agus straitéisí rialtais a chur ar an eolas** |
| Clár oibre trí bliana taighde agus nuálaíochta QQI a fhorbairt agus a fhoilsiú. |
| **Déanfaimid meastóireacht ar eispéireas na cianfhoghlama agus na foghlama cumaiscthe agus tabharfaimid treoir maidir le measúnú barántúil d'eispéireas agus toradh feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí** |
| Treoirlínte reachtúla DC a fhoilsiú do chláir chumaisc agus ar líne. |
| **Tarraingeoimid ar ár líonraí suntasacha idirnáisiúnta piarghníomhaireachtaí chun leanúint ar aghaidh ag cuidiú le comhairliúcháin bheartais náisiúnta agus tionchar a imirt orthu** |
| Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí, líonraí agus coistí idirnáisiúnta chun athbhreithniú a dhéanamh ar MTanna atá ag dul in éag agus iad a athnuachan mar is cuí. |
| **Foilseoimid anailísí ar leibhéal an chórais agus óstálfaimid imeachtaí feabhsúcháin lena n-áirítear imeacht mullaigh bliantúil le príomhpháirtithe leasmhara ar phríomhthéama straitéiseach a chuimsíonn cáilíocht agus cáilíochtaí** |
| Imeachtaí bliantúla a óstáil:<br>• Comhdháil Cáilíochta & Cáilíochtaí (NFQ/EQF)<br>• Imeachtaí téamacha (TUanna agus Measúnú)<br>• Imeachtaí PSRB agus comhimeachtaí PSRB/AO<br>• Comhthionól Ginearálta ENQA (25-27 Deireadh Fómhair 2023) |
| Measúnú a Athshamhlú: measúnú a dhéanamh ar an scéim deontas i gcabhair agus maoirsiú a dhéanamh ar chríochnú na dtionscadal ag lucht bronnta deontais. |
| Siompóisiam ar Mheasúnú a Athshamhlú a reáchtáil |
| Measúnú a Athshamhlú: Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais rangaithe céime i gcomhar le DABanna. |

| Tosaíocht straitéiseach 4 |
| --- |
| **#léargas – anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú** |
| Measúnú a Athshamhlú: Tús a chur le próiseas chun bonneagar measúnaithe QQI a nuashonrú. |
| Anailís théamach a dhéanamh ar thuarascálacha AQR. |
| Treoirlínte DC a fhorbairt maidir le socrúcháin chleachtais. |

| |
| --- |
| Déanfaimid anailísí ar leibhéal an chórais ar thorthaí athbhreithnithe cáilíochta breisoideachais agus ardoideachais chun bonn eolais a chur faoi chur chuige nua agus nuálaíoch i leith dearbhú cáilíochta institiúideach. |

# Tosaíocht straitéiseach 5

| Príomhchumasóir |
|---|
| **#comhpháirtíocht – comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú córais a chur i bhfeidhm** |
| **Déanfaimid ár ndícheall chun tionchar a imirt ar bheartas tríd an teagmháil atá againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí, le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara eile** |
| Tacú le plé agus rannpháirtíocht straitéiseach trí Fhóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann (IQQF). |
| Tionscadal T&F a sheoladh ar nascacht agus comhoibriú idir lucht fiontair, fostóirí, lucht tionscail, gníomhaithe eile sa mhargadh saothair agus an pobal oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear QQI. |
| Comhaontú reachtúil (MT) nua idir ÚAO/QQI a fhoilsiú. |
| **Cabhróimid le meicníochtaí a fhorbairt chun go mbeidh guth éifeachtach ag foghlaimeoirí i gcáilíocht a gcuid oideachais agus oiliúna trínár gcuid oibre le hionadaithe foghlaimeoirí agus comhlachtaí abhcóideachta** |
| **An Clár Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn (NStEP)** Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an sruth iarchéime nua agus á fhorbairt trí ghrúpa oibre Fhóram Comhairleach an NFDE (Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta) agus Líonra Iarchéime nua a bhunú. Modúl ionracais acadúil (NStEP) agus studentssurvey.ie a fhorbairt. |
| Tacú le Fóram Náisiúnta Foghlaimeoirí BOO Aontas. |
| Athbhreithniú ar rannpháirtíocht foghlaimeoirí i ngníomhaíochtaí uile QQI a fhoilsiú. |
| **Déanfaimid forbairt acmhainne sna Boird Oideachais agus Oiliúna a spreagadh i gcomhpháirtíocht straitéiseach le húdaráis mhaoinithe, comhlachtaí ionadaithe do sholáthraithe agus páirtithe leasmhara eile** |
| **Páirt a ghlacadh i ngrúpaí stiúrtha Bunathrú na Foghlama (straitéis BOO) agus tacú le grúpaí oibre.** |

| Príomhchumasóir |
| --- |
| **#comhpháirtíocht – comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú córais a chur i bhfeidhm** |
| **Cabhróimid chun an forluí i gcleachtais mheastóireachta clár a laghdú trí oibriú le comhlachtaí rialála gairmiúla agus reachtúla agus le hinstitiúidí ardoideachais** |
| Rannpháirtíocht PSRB a leathnú  Leanúint d'fhormhuiniú na bPrionsabal um Chreidiúnú Gairmiúil a chur chun cinn.<br><br>Leanúint ar aghaidh leis an gcaidreamh Nithe i bPáirt a Aimsiú le PSRBanna trí sheimineáir ghréasáin, imeachtaí duine le duine agus an mol cumarsáide. |

| **Leanfaimid orainn de thionchar a imirt agus de chabhrú chun dea-chleachtas i ndearbhú cáilíochta agus i gcáilíochtaí a bhaint amach trínár gcaidrimh straitéiseacha le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta san Eoraip agus ar fud an domhain a dhoimhniú** |
| --- |
| Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le haitheantas ar smaointeoireacht, cleachtas agus cur i bhfeidhm reatha chun:<br><br>• tacú le DFHERIS maidir le forbairtí ar an gCoinbhinsiún um Aitheantas Domhanda.<br>• infheictheacht na meastóirí creidiúnacha a mhéadú go náisiúnta.<br>• freastal ar riachtanais daoine a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta agus taithí foghlama acu, lena n-áirítear daoine easáitithe trí Rough Guides to Afghani Qualifications agus 4 phróifíl oideachais a fhoilsiú.<br>• feasacht a fhorbairt ar Phas Cáilíochtaí Eorpacha do Dhídeanaithe agus ar uirlisí eile trí eolas a fheabhsaítear go leanúnach faoi aitheantas a chur ar fáil. |
| An Tuarascáil Féinmheasúnaithe don athbhreithniú ENQA ar QQI in 2024 a thabhairt chun críche. |
| Na gníomhartha comhaontaithe a thabhairt chun críche mar bhallstát rannpháirteach i dtionscadal píolótach AE a nascann cáilíochtaí le próifílí scileanna ESCO. |

# Tosaíocht straitéiseach 6

| Príomhchumasóir |
|---|
| **#barr feabhais – sármhaitheas eagraíochtúil a bhaint amach** |
| **Déanfaimid deiseanna dár ndaoine óga a fhorbairt agus a sholáthar trí iarrachtaí leanúnacha chun lucht saothair lúfar, gafa, freagrúil agus spreagtha a chur le chéile** |
| Clár folláine na foirne a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh chun an Marc KeepWell agus ár seasamh mar chuideachta sa 100 is fearr le haghaidh folláine a choinneáil. |
| An clár ionduchtaithe do bhaill foirne nua a nuashonrú, go háirithe na comhpháirteanna cumaisc (ar líne) chun an taithí a fheabhsú. |
| Pleanáil comharbais, forbairt tallainne agus pleananna gníomhaíochta athléimneachta eagraíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm |
| An straitéis AD nua a chur i bhfeidhm chun tacú le seachadadh Ráiteas Straitéise QQI 2022-24. |
| Beartas QQI um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Corparáideach a fhoilsiú agus plean forfheidhmithe a fhorbairt. |
| **Déanfaimid ionad oibre QQI a atheagrú trí TFC a úsáid le haghaidh obair chianda agus obair chumaisc agus inbhuanaitheacht a leabú inár bpróisis oibre** |
| An beartas TEC a chur i bhfeidhm chun tacú le cur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise QQI 2022-2024. |
| Inlíon na foirne a athfhorbairt. |
| Cibearshlándáil a fheabhsú agus a neartú tuilleadh trí athbhreithniú slándála seachtrach agus an clár feasachta foirne a ghabhann leis. |
| Monatóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar an taithí oibre chumaisc agus oibriú a chinntiú de réir Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí. |
| Treochlár gníomhaíochta aeráide a fhorbairt a leagfaidh amach conas a dhéanfaidh QQI a spriocanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú astuithe gás ceaptha teasa a sheachadadh (arna threorú ag treoir ón SEAI agus ón EPA). |
| **Oibreoimid leis an Roinn chun a chinntiú go bhfuil sruthanna ioncaim ag QQI, atá cobhsaí, intuartha agus inbhuanaithe** |
| **Aisghabháil costais a thabhairt isteach le haghaidh feidhmeanna ALP agus leanúint den teagmháil leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta ar shamhail hibrideach chistiúcháin (maoiniú faoi threoir seirbhíse agus de chineál caidrimh).** |
| **Cuirfimid feabhas ar ár seirbhísí do sholáthraithe trí theicneolaíocht féinseirbhíse níos fearr agus trédhearcacht fheabhsaithe maidir lenár dtáillí agus ár muirear** |
| Teicneolaíochtaí TFC a bheachtú, a fheabhsú agus a fhorbairt chun tacú le feidhmiú na bhfeidhmeanna reachtúla nua |

| Príomhchumasóir |
|---|
| **Cuirfimid feabhas ar ár seirbhís d'fhoghlaimeoirí tríd ár gcórais deimhniúcháin a athrú go foirm dhigiteach** |
| Tús a chur le tionscadal i leith dhigitiú na seirbhísí deimhniúcháin. |
| **Déanfaimid ár luach dár ngeallsealbhóirí a uasmhéadú trí úsáid straitéiseach a bhaint as cumarsáid a bhfuil cuspóir leis agus tionchar aige** |
| Aiseolas ar shuirbhé geallsealbhóirí QQI a fhoilsiú. |
| Tús a chur le tionscadal chun QQI mar chomhlacht dámhachtana a athbhreithniú. |
| **Léireoimid dea-chleachtas maidir lenár rialachas feidhmiúil agus corparáideach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ó thaobh cloí le hoibleagáidí ábhartha reachtaíochta agus rialála.** |
| Beartas QQI um Bainistíocht Taifead a fhoilsiú. |
| Córas aicmithe faisnéise & taifead QQI a dhearadh; uirlis a cheadaíonn faisnéis, taifid agus doiciméid a rangú, a theidealú, a rochtain agus a aisghabháil. |
| Córas Bainistíochta Próisis Gnó QQI a athbhreithniú agus a bharrfheabhsú. |
| Beartas agus próiseas sonraí oscailte QQI a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. |
| An Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCód Cleachtais ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur i bhfeidhm. |
| Tacú le hionduchtú agus le treoshuíomh Bhord nua QQI, lena n-áirítear creat rialachais a bhunú le haghaidh feidhmeanna reachtúla nua. |
| Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar ár bhfeidhm iniúchta inmheánaigh chun tacú le seachadadh an timthriall iniúchta inmheánaigh faofa |
| Raon feidhme a mheas i dtaca le tionscadal ar dheimhniú féinmheastóireachta ISSCOP le haghaidh sonraí a bhaineann le dámhachtainí QQI. |

# Acrainmneacha a úsáidtear sa Phlean Corparáideach

| | |
|---|---|
| AQR | Tuarascáil Bhliantúil ar Cháilíocht |
| ATP | Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú |
| ATU | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh |
| CAS | An Córas Comhdhámhachtainí |
| DABanna | Comhlachtaí Ainmnithe Dámhachtana |
| ELE | Múineadh an Bhéarla |
| ENQA | An Líonra Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta |
| EPA | Environmental Protection Agency |
| BOOnna | Boird Oideachais agus Oiliúna |
| EQF | An Creat Eorpach um Cháilíochtaí |
| EQF - NCP | An Creat Eorpach um Cháilíochtaí - Pointí Náisiúnta Comhordaithe |
| BOO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| GAIN | An Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil. |
| AO | Ardoideachas |
| ÚAO | An tÚdarás um Ardoideachas |
| HR | Acmhainní Daonna |
| TEF | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| IEM | An Marc Idirnáisiúnta Oideachais |
| IQQF | Fóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann |
| IRQ | Clár Cáilíochtaí na hÉireann |
| ISSCOP | Cód Cleachtais an Chórais Staidrimh Náisiúnta |
| LABanna | Forais Cháiliúcháin Liostaithe |
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| CNC | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| NFDE | An Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta |
| NStEP | An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn |
| PEL | Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe |
| PSRB | Forais Reachtúla agus Rialála Ghairmiúla |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| T&F | Taighde & Forbairt |
| RPL | Aitheantas don Réamhfhoghlaim |
| SEAI | Sustainable Energy Authority of Ireland |
| SETU | Ollscoil Teicnolaíochta an Oirdheiscirt |
| TEQSA | Tertiary Education Quality and Standards Agency (Australia) |
| TU | Ollscoil Teicneolaíochta |
| TUS | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne |

26/27 Denzille Lane
Dublin 2
D02 P266
Ireland

**t** +353 1 905 8100
@QQI_connect
www.QQI.ie